

SLIOGÁIN NA TRÁGHA

T. Mac Con Iomaire.

4/3/40

Deir siad nuair is fairsing an gearrán, seadh is fearr an portán.

San Earrach seadh is fearr an portán, nuair a bhíos plaoisg nua air.

Na truisg nuair a bhíos siad i séasúr agus neart ola ionnta ní féidir leob gul síos ó uachtar na fairrge. Nuair a bhíos droch-aimsir ann agus oibriú mór sa bhfarrge, tóigeann an trosg cloch isteach ina bhéal agus sluigeann sé an chloch le meadhachain a choinnéal ann.

Teigeann glasóga isteach ins na cladaigh feamainne, san Earrach, cuid acab dith-bheo agus cuid acab marbh. Sa Márta an t-am is fearr a bhfuil iasg orthabh, agus an trosg freisin. Níl maith ar bith sa Samhra ionntab.

Is maith é an mongach san Earrach agus sa Samhra agus amach sa bhFoghmhar is fearr é.

GOILE MÓR.

Trí mhíol mór díol eascoinne,

Trí easconn díol ceannruadháin cróin, - sin é an breac is mó sa bhfarrge.

CLIM SIN

Deamhann mórán, nach é déanamh an ghliomaigh atá ar an gclimsin. Tá dhá ordóig air agus liopa thiar air, ar nós an ghliomaigh. Lán sliogáin de eochraidh faoi'n liopa. An-torann san uisge tanaidhe, is leis an liopa thiar a níos sé an torann.

AN SLIGÍN SLAMACH

An sligín bíonn sé greamuighthe den chloich i n-íochtar inaice leis na láibeanna, sa gcuid is íochtaraighe den chladach. Tá poll i lár an tsliogáin aige, ar an taobh a bhíos greamuighthe den chloich. Déanamh an oistre, biadh searbh gránna chomh mór le do bhois.

OISTRE CLOCH

Ní hionann an sligín slamach agus an t-oistre cloch. Bíonn an t-oistre cloch chomh híochtarach leis an láib sin an sruth nó i mbealach an t-srutha, a bhíos a sileadh isteach sa bhfairrge ón loch. Níl poll ar bith ar shliogán an tsliogáin slamach. Tá biadh mhaith san oistre cloch.

Gheibhfeá oistre cloch beag greamuighthe d'oistre cloch mór, agus shílfeá nach mbeadh agad ach aon oistre amháin. Nuair bhrisfeá an sliogán bheadh dhá bhiadh agad.

An taobh ciotach, an taobh dronnach, an taobh leathan

(an ga gaidhrín)

gog éirghin an taobh leathan

ludrach éill.

AN MUIRÍN.

Nuair atá an muirín luighte ar an ngaineamh sí an taobh crotach atá faoi. Tá an taobh leathan os a chionn.(an ga gaidhrín, thugtar ar an taobh leathan).

D'fheicfeá corr cheann aca triomuighthe dá mbeadh trághadh mhaith ann. Chloisfeá fiche coisméig uait an bualadh a níos an muirín an uair sin. Bíonn an clár leathan dhá bhualadh anuas ar an gceann eile aige. Glas-ghaineamh agus sruith géar an áit is fearr leob sa fharrge.

SGIAN MHARA.

Nach iongantach galánta an sliogán atá ag an sgian mhara agus biadh maith ins an sliogán. Sí atá sgafánta, mura n-éirigheann leat í a thabhairt ar bruach, den chéad iarraidh den láidhe, tá sí righththe as an sliogán agus imtighthe tríd an ngaineamh. Fágfadh sí an sliogán annsin agad ach beidh sí fhéin imthighthe.

Tá siad le fagáil i gCuan Charraig an Phortáin.

CLUAISÍN.

Ní mór nach mar a chéile atá an sliogán ar chaon taobh ag an gcluaisín. San áit a bhfuil an dá thaobh a dúnadh ar a chéile – san áit a bhfuil na luadreacha. Tá an cluaisín sin greamuighthe den chloch. Déanann an muirín, ach nach bhfuil an cluaisín chomh mór, chor ar bith. An blas céadna agus an blas atá ar an muirín.

GRUGALLACHA.

I gcreafóig séasurach marbh in áit a mbeadh beithighigh a luighe. I gcom reimhre ón gcloigeann go dtí an t-earball. Ruda gránna péistí glasa, fad trí h-ordlaigh chomh reamhar le ordóg fir. Níl aon láthar ionntabh. Má ghearrann tú iad – uisge agus créafóg.